comhairle chontae na mí
meath county council

Deontas do Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí do thithe i Limistéir Ghníomhaíochta Tosaíochta

Foirm Éilimh Íocaíochta DWWTS AfA (b) 2026

Comhairle Chontae na Mí

Teach Buvinda

Bóthar Átha Cliath

An Uaimh

Chontae na Mí

C15 Y291

046-9097000

environment@meathcoco.ie

Leagan (Meán Fomhair 2026)

FOIRM DWWTS AfA (b) 2026

FOIRM ÉILIMH AR ÍOCAÍOCHT DEONTAIS

Oibreacha chun an Córas Cóireála Fuíolluisce Tí (DWWTS) a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar i Limistéar Gníomhaíochta Tosaíochta, sa chás go bhfuil duine ceadaithe ag údarás áitiúil le haghaidh deontais.

- Léigh na nótaí faisnéise sula gcomhlánóidh tú an fhoirm éilimh.
- Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, i gcás ina sonraítear é, ní mór doiciméid tacaíochta a chur ar fáil. Ní phróiseálfar foirmeacha nach bhfuil líonta go hiomlán nó foirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí curtha ar fáil in éineacht leo.
- NÍOR cheart tús a chur le hobair sula n-eisíonn an t-údarás áitiúil faomhadh an iarratais deontais i scríbhinn. Ba cheart don údarás áitiúil a leithéid sin de chigireachtaí nó seiceálacha eile a dhéanamh a mheasann sé a bheith oiriúnach sula bhfaomhtar an t-iarratas. Níl oibreacha ar cuireadh tús leo sula bhfuarthas faomhadh i scríbhinn incháilithe chun cúnamh deontais a fháil.
- Nuair a bhíonn an t-iarratas faofa agus na hoibreacha curtha i gcrích, féadfaidh an t-údarás áitiúil cigireachtaí nó seiceálacha eile den chineál sin a dhéanamh, de réir mar a mheasann sé a bheith riachtanach, sula bhfaomhfar éileamh ar íocaíocht.
- Riarann údaráis áitiúla an scéim deontais. Ba cheart aon cheist a chur faoi bhráid an Oifigigh Idirchaidrimh Uisce Tuaithe san údarás áitiúil.
- Is féidir gach foirm atá le húsáid a fháil ón údarás áitiúil, a chabhróidh le daoine iad a líonadh más gá.
- Maidir le hiarratasóir a bhfuil deontais, fóirdheontais nó íocaíochtaí den chineál céanna á bhfáil acu ó Roinn Rialtais nó ó Údarás Poiblí, ar mó a luach iomlán ná €10,000 i rith na bliana, beidh Ríomhdheimhniú Imréitigh Cánach ag teastáil uait.
- Forchoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart chun aon fhiosrú riachtanach a dhéanamh chun eolas a fhíorú nó chun críche soiléirithe i ndáil le doiciméid tacaíochta a cuireadh ar fáil le hiarratas deontais. Ní fhaomhfar deontas i gcás iarratais ina bhfuil faisnéis nó doiciméid atá bréagach nó míthreorach.

1. Sonraí an Iarratasóra	
Ainm an iarratasóra (i mBLOCLITREACHA):	
Seoladh (suíomh na DWWTS): ÉIRCHÓD (riachtanach):	

FOIRM DWWTS AfA (b) 2026

Uimhir theileafóin:	
Seoladh ríomhphoist:	
Asphrionta imréiteach ríomhchánach:	Tá ☐ Níl ☐

2. Cur síos ginearálta agus costas na n-oibreacha a rinneadh duine inniúil, mar atá sonraithe ag duine inniúil (ní mór admhálacha ítimithe a chur ar fáil nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích)

3. *Ní mór* **sonraí an Chonraitheora/na gConraitheoirí** (asphrionta de Dheimhniú Ríomh-Imréitigh Cánach le haghaidh gach conraitheora a sholáthar murab ionann é agus an conraitheoir atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais.

Conraitheoir 1	**Conraitheoir 2 (más infheidhme)**
Ainm an chonraitheora:	Ainm an chonraitheora:
Seoladh an chonraitheora: ÉIRCHÓD:	Seoladh an chonraitheora: ÉIRCHÓD:

4. Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé ar fáil ar an bhfoirm éilimh ar íocaíocht deontais ceart agus tuigim go bhféadfaí an t-éileamh seo a chealú mar thoradh ar aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar nó doiciméid tacaíochta neamhbhailí.

Síniú an éilitheora: _____

Dáta: _____